Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Aibreán 2022
(OR. en)

12975/14

**Comhad Idirinstitiúideach:
2014/0220 (NLE)**

COASI 97
ASIE 48
ELARG 93

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, an Phrótacail Aontachais a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar Cuimsitheach idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hIndinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

**CINNEADH Uimh. …/2014/AE ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir le tabhairt i gcrích,**
**thar ceann an Aontais agus a Bhallstát,**
**an Phrótacail Aontachais a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú**
**maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar Cuimsitheach**
**idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,**
**agus Poblacht na hIndinéise, den pháirt eile,**
**chun aontachas Phoblacht na Cróite**
**leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 207 agus 209 de, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite, agus go háirithe don dara fomhír d'Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1];

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh Uimh. ...2014/AE ón gComhairle[1*], síníodh an Prótacal Aontachais a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar Cuimsitheach idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hIndinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ('an Prótacal'), faoi réir a thabhairt i gcrích.

(2) Ba cheart an Prótacal a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh Uimh. .../2014/AE ón gComhairle an ... maidir le síniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail Aontachais a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar Cuimsitheach idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hIndinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (IO L …, …, …).

* IO: Cuir isteach, le do thoil, sonraí dhoic. ST 12971/14.

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Prótacal Aontachais a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar Cuimsitheach idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hIndinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh, a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát*.

*Airteagal 2*

Údaraítear Uachtarán na Comhairle leis seo chun an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh de chumhacht aige nó aici nó acu an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) den Phrótacal a thabhairt thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

* Foilsíodh téacs an Phrótacail in [IO L …] in éineacht leis an gcinneadh tráth a shínithe.